Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12692/25**

**CES 48**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 29 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 29 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(2) agus Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint do na moltaí arna ndéanamh ag na Ballstáit,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/853/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinntí (AE) 2020/1392[2], (AE) 2020/1555[3], (AE) 2020/1636[4], (AE) 2020/1709[5], agus (AE) 2021/465[6] ón gComhairle, cuireadh deireadh le téarma oifige chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, comhaltaí nua Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a cheapadh.

(2) Iarradh ar gach Ballstát liosta iarrthóirí a chur faoi bhráid na Comhairle, ar a mbeadh ionadaithe ó eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí soch-eacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha, lena gceapadh ina gcomhaltaí ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

---

2 Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n- aisghairtear agus lena n- ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1392/oj).

3 Cinneadh (AE) 2020/1555 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 355, 26.10.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1555/oj).

4 Cinneadh (AE) 2020/1636 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 369, 5.11.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1636/oj).

5 Cinneadh (AE) 2020/1709 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena gceaptar beirt chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 385, 17.11.2020, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1709/oj).

6 Cinneadh (AE) 2021/465 ón gComhairle an 16 Márta 2021 lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO L 94, 18.3.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/465/oj).

(3) Tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún maidir le liostaí na n-iarrthóirí a cuireadh isteach, a seachadadh i gcomhréir le hAirteagal 302(2) den Chonradh, an 16 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/…[7+]. Leis an gCinneadh seo, ceapadh na comhaltaí arna moladh ag Rialtais na Bulgáire, na Seice, na Danmhairge, na Gréige, na Spáinne, na Cipire, na Laitvia, na hUngáire, Mhálta, na hOstaire, na Rómáine, na Slóvaice agus na Sualainne. Le Cinneadh (AE) 2025/…[++], ceapadh freisin 10 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na Beilge, 22 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, 6 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hEastóine, 6 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hÉireann, 23 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hIodáile, 5 chomhalta arna moladh ag Rialtas Lucsamburg, 10 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na hÍsiltíre, 9 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na Portaingéile, 6 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Slóivéine, agus 8 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na Fionlainne. Maidir leis na comhaltaí nár cuireadh na moltaí lena gceapadh faoi bhráid na Comhairle roimh an 10 Meitheamh 2025, ní rabhthas in ann iad a áireamh i gCinneadh (AE) 2025/…[++].

---

[7] Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12272/25 agus cuir isteach an uimhir agus an tagairt IO san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12272/25.

(4) Faoin 15 Iúil 2025, chuir na Ballstáit liostaí breise faoi bhráid na Comhairle, is iad sin na liostaí ina raibh 24 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Fraince, 9 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na Cróite, 9 gcomhalta arna moladh ag Rialtas na Liotuáine, agus 21 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Polainne. Thug an Coimisiún tuairim uaidh maidir leis na hiarrthóirí ar na liostaí sin, agus maidir le hiarrthóirí eile nach n-áirítear sa tuairim uaidh a tugadh sular glacadh Cinneadh (AE) 2025/…[+], eadhon 2 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Beilge, 2 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, comhalta amháin arna mholadh ag Rialtas na hEastóine, 3 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hÉireann, comhalta amháin arna moladh ag Rialtas na hIodáile, comhalta amháin arna mholadh ag Rialtas Lucsamburg, 2 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hÍsiltíre, 3 chomhalta arna moladh ag Rialtas na Portaingéile, comhalta amháin arna mholadh ag Rialtas na Slóivéine, agus comhalta amháin arna mholadh Rialtas na Fionlainne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12272/25.

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine atá liostaithe san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ina gcomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 29 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

ПРИЛОЖЕНИЕ – ANEXO – PŘÍLOHA – BILAG – ANHANG – LISA –

ΠΑΡΑΡΤΗΜΑ – ANNEX – ANNEXE – IARSCRÍBHINN – PRILOG –

ALLEGATO – PIELIKUMS – PRIEDAS – MELLÉKLET – ANNESS –

BIJLAGE – ZAŁĄCZNIK – ANEXO – ANEXĂ –

PRÍLOHA – PRILOGA – LIITE – BILAGA

Членове/Miembros/Členové/Medlemmer/Mitglieder/Liikmed/

Μέλη/Members/Membres/Comhaltaí/Članovi/Membri/

Locekļi/Nariai/Tagok/Membri/Leden/Członkowie/

Membros/Membri/Členovia/Člani/Jäsenet/Ledamöter

**BELGIË / BELGIQUE / BELGIEN**

Alain COHEUR
*Directeur des Affaires Européennes & Internationales de UNMS* (*Union Nationale des Mutualités Socialistes)* (Stiúrthóir Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta Aontas Náisiúnta na gCumann Frithpháirteach Árachais Sóisialach)

Marc DECOSTER
*Vice-président section provinciale FWA du Brabant Wallon* (Leas-Uachtarán Chúige Brabant na Vallúine de Chónaidhm Thalmhaíochta na Vallúine (FWA)

**DEUTSCHLAND**

Sabine Helga HEIMBACH
*Geschäftsführerin der Kommunikations- und Politik-Beratung SABINE HEIMBACH Communication Counsel* (Stiúrthóir Bainistíochta na cuideachta comhairleoireachta cumarsáide agus gnóthaí polaitiúla Sabine Heimbach Communication Counsel)

Sandra PARTHIE
*Leitung des Brüsselbüros, Leitung Europäische Angelegenheiten, Institut der deutschen Wirtschaft Köln e.V. (IW)* (Ceann Oifig na Bruiséile, Ceann Gnóthaí Eorpacha, Institiúid Eacnamaíoch na Gearmáine (IW))

**EESTI**

Kädi RISTKOK
*Tegevjuht, Eesti Rohetehnoloogia Liit* (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhlachas Teicneolaíochta Glaine na hEastóine)

**ÉIRE**

John COMER
*Cumann Soláthróirí Bainne na hÉireann*

Jack O'CONNOR
*Comhalta Coiste, Comhairle Ceardchumann Chill Dara, Iar-Uachtarán ar Chomhdháil na gCeardchumann in Éirinn*

Neil WALKER
*Stiúrthóir, Walker Energy Consulting*

**FRANCE**

Christophe BÉGUINET

*Chargé des relations avec l'enseignement supérieur chez ENEDIS, Confédération Française Démocratique du Travail (CFDT)* (Oifigeach atá freagrach as an gCaidreamh le hInstitiúidí Ardoideachais ag ENEDIS, Cónaidhm Dhaonlathach Saothair na Fraince (CFDT))

Sandrine BELIER

*Directrice, Association Humanité et Biodiversité* (Stiúrthóir, an Cumann um an gCine Daonna agus an Bhithéagsúlacht)

Stéphane BIJOUX

*Directeur de la stratégie internationale et de la coopération, France Télévisions* (Stiúrthóir um Straitéis agus Comhar Idirnáisiúnta, France Télévisions)

Marie-Charles BONJEAN

*Cadre de santé au Centre hospitalier d'Angoulême, Union Nationale des Associations Familiales (UNAF)* (Oifigeach Sláinte in Ospidéal Angoulême, Aontas Náisiúnta na gComhlachas Teaghlaigh (UNAF))

Rachel BRISHOUAL

*Secrétaire nationale, Union Nationale des Syndicats Autonomes (UNSA)* (Rúnaí Náisiúnta, Aontas Náisiúnta na gCeardchumann Féinrialaitheach (UNSA))

Philippe CHARRY

*Représentant du Comité économique et social européen auprès d'EURAD-2, Force Ouvrière (FO)* (Ionadaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ag EURAD-2, Fórsa na nOibrithe)

Michel CHASSANG

*Président d'honneur de l'Union Nationale des Professions Libérales (UNAPL) et Vice-président du Conseil économique, social et environnemental* (Uachtarán Oinigh, Aontas Náisiúnta na nGairmeacha Liobrálacha, agus Leas-Uachtarán na Comhairle Eacnamaíche, Sóisialta agus Comhshaoil)

Chiara CORAZZA

*Présidente de la société de conseil Chiara Corazza Consulting (CCC) et représentante du secteur privé pour la France, G20 EMPOWER* (Uachtarán na Sochaí Comhairlí Chiara Corazza Consulting (CCC), Ionadaí d'earnáil phríobháideach na Fraince ag G20 EMPOWER)

Renata COUTAZ

*Conseillère confédérale, Confédération Générale du Travail* (CGT) (Comhairleoir Cónaidhme, an Chónaidhm Ghinearálta Saothair)

Pascal DEBAY

*Educateur Spécialisé à l'Association Accueil et Réinsertion Sociale de Nancy, Confédération Générale du Travail (CGT)* (Oideoir Speisialta sa Chomhlachas um Lánpháirtiú agus Ath-lánpháirtiú Sóisialta in Nancy, an Chónaidhm Ghinearálta Saothair)

Carole DESIANO

*Représentante de Force Ouvrière (FO) au Conseil National pour le Développement et la Solidarité Internationale* (CNDSI) (Ionadaí Fhórsa na nOibrithe ag an gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt agus um Dhlúthpháirtíocht Idirnáisiúnta)

Denis JEAMBRUN

*Secrétaire fédéral, Confédération Française des Travailleurs Chrétiens* (CFTC) (Rúnaí Cónaidhme, Cónaidhm Oibrithe Críostaí na Fraince)

Marie-Pierre LE BRETON

*Vice-présidente de la gouvernance d'Harmonie Mutuelle, Union Des Employeurs de l'Economie Sociale et Solidaire* (UDES) (Leas-Uachtarán rialachais, Harmonie Mutuelle, Aontas na bhFostóirí sa Gheilleagar Sóisialta)

Christophe LEFEVRE

*Chargé de mission chez SCOR-SE, Confédération Française de l'Encadrement — Confédération Générale des Cadres* (CFE-CGC) (Bainisteoir Tionscadail le SCOR-SE, Cónaidhm Bainistíochta na Fraince — Cónaidhm Ghinearálta na bhFeidhmeannach)

Thierry LIBAERT

*Administrateur du fonds de dotation en actions departage, ONG Max Havelaar* (Stiúrthóir na gCistí Dearlaice le haghaidh gníomhaíochtaí comhroinnte, ENR Max Havelaar)

Laure NICLOT

*Présidente de l'association Jeunes européens (an Fhrainc)* (Uachtarán Chumann na nEorpach Óg (an Fhrainc))

Christian PIEROTTI

*Directeur des affaires publiques européennes et internationales chez France Assureurs, Mouvement des Entreprises de France (MEDEF)* (Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí Eorpacha agus Idirnáisiúnta ag Árachóirí na Fraince, Gluaiseacht Fhiontair na Fraince)

Jean-Michel POTTIER

*Vice-président du conseil d'administration de l'UNEDIC, Confédération des Petites et des Moyennes Entreprises* (CPME) (Leas-Uachtarán Bhord Stiúrthóirí UNEDIC, Cónaidhm na bhFiontar Beaga agus Meánmhéide)

Emilie PROUZET

*Directrice des affaires européennes à la Fédération française du commerce et de la distribution, Mouvement des Entreprises de France (MEDEF)* (Stiúrthóir Gnóthaí Eorpacha Chónaidhm Trádála agus Dáileacháin na Fraince, Gluaiseacht Fhiontair na Fraince)

Arnold PUECH d'ALISSAC

*Président de l'Organisation mondiale des agriculteurs, Fédération Nationale des Syndicats d'Exploitants Agricoles (FNSEA)* (Uachtarán Eagraíocht Dhomhanda na bhFeirmeoirí, Cónaidhm Náisiúnta Aontais na bhFeirmeoirí)

Amélie REBIERE

*Leas-présidente nationale, Coordination Rurale* (CR) (Leas-Uachtarán Náisiúnta, an Comhordú Tuaithe)

Jaqueline RIEDINGER BALZER

*Première vice-présidente de la Confédération Nationale de la Boucherie Charcuterie, Union des Entreprises de Proximité (U2P)* (an Chéad Leas-Uachtarán ar Chónaidhm Náisiúnta mBúistéirí agus Delicatessen, Aontas na nGnóthaí Áitiúla)

Arnaud SCHWARTZ

*Leas-Président, France Nature Environnement (FNE)* (Leas-Uachtarán, *France Nature Environnement (FNE)*)

Aurélie SEIGNE

*Responsable du pôle économie et société, Confédération Française Démocratique du Travail (CFDT)* (Ceann na Roinne um an nGeilleagar agus an tSochaí, Cónaidhm Dhaonlathach Saothair na Fraince)

**HRVATSKA**

Luka BOGDAN

*Zamjenik upraviteljice za europske fondove i sustavne podrške, Nacionalna zaklada za razvoj civilnoga društva* (Leas-Stiúrthóir um Chistí Eorpacha agus um Thacaíocht Chórasach, an Fhondúireacht Náisiúnta um Fhorbairt na Sochaí Sibhialta)

Mirela BOJIĆ

*Glavna tajnica, Matica hrvatskih sindikata* (Ardrúnaí, Matica — Comhlachas Cheardchumainn na Cróite)

Marija HANŽEVAČKI

*Glavna tajnica, Nezavisni hrvatski sindikati (NHS)* (Ard-Rúnaí, Ceardchumainn Neamhspleácha na Cróite (ITUC))

Violeta JELIĆ

*Glavna tajnica, Hrvatska obrtnička komora (HOK)* (Ard-Rúnaí, Comhlachas Ceirdeanna agus Ceardaíochta na Cróite)

Lidija PAVIĆ-ROGOŠIĆ

*Ravnateljica, udruga Održivi razvoj zajednice (ODRAZ)* (Stiúrthóir Eagraíocht na Sochaí Sibhialta ODRAZ — Forbairt Pobail Inbhuanaithe)

Danko RELIĆ

*ČLAN Udruge narodnog zdravlja "Andrija Štampar"* (Comhalta de Chumann Sláinte an Phobail 'Andrija Štampar')

Marina ROŽIĆ

*Glavna tajnica, Hrvatska gospodarska komora (HGK)* (Ard-Rúnaí, Comhlachas Geilleagair na Cróite)

Dijana ŠOBOTA

*Izvršna tajnica za memunarodne odnose i razvoj organizacije, Savez samostalnih sindikata Hrvatske (SSSH)* (Rúnaí Feidhmiúcháin um Chaidreamh Idirnáisiúnta agus Forbairt Eagraíochtúil, Aontas Ceardchumainn Fhéinrialaitheacha na Cróite (UATUC))

Irena WEBER

*Glavna direktorica, Hrvatska udruga poslodavaca (HUP)* (Ard-Stiúrthóir, Comhlachas Fostóirí na Cróite (CEA))

**ITALIA**

Pietro Vittorio BARBIERI

*Referente per le Politiche Europee, Forum Nazionale del Terzo Settore*

(Pointe teagmhála le haghaidh Beartais na hEorpa, Fóram an Tríú hEarnáil)

**LIETUVA**

Eitvydas BAJARŪNAS

*Lietuvos pramonininkų konfederacijos atstovas* (Ionadaí Chónaidhm Thionsclaithe na Liotuáine)

Dovilė JUODKAITĖ

*Lietuvos negalios organizacijų forumo Tarptautinio bendradarbiavimo koordinatorė*

(Comhordaitheoir an Chomhair Idirnáisiúnta, Fóram na Liotuáine maidir leis an Míchumas)

Kristina KRUPAVIČIENĖ

*Lietuvos profesinės sąjungos „Solidarumas" pirmininke* (Uachtarán Cheardchumann na Liotuáine 'Solidarumas')

Jovita PRETZSCH

*Lietuvos profesinės sąjungos „Solidarumas" pirmininko pavaduotoja* (Leas-Uachtarán Cheardchumann na Liotuáine 'Solidarumas')

Emilis RUŽELĖ

*Lietuvos verslo konfederacijos generalinio direktoriaus pavaduotojas (*Leas-Ardstiúrthóir Chónaidhm Ghnólachtaí na Liotuáine)

Gaja ŠAVELĖ

*Nacionalinės nevyriausybinių organizacijų koalicijos direktoré* (Stiúrthóir Chomhghuaillíocht Náisiúnta na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha)

Jurga SUBAČIŪTĖ-ŽEMAITIENĖ

*Lietuvos pramonės profesinių sąjungų federacijos pirmininko pavaduotoja* (Leas-Chathaoirleach Chónaidhm Cheardchumainn Tionsclaíocha na Liotuáine)

Vilius TAMKVAITIS

*Asociacijos „Investors' Forum" vyresnysis ekonomikos ir politikos analitikas* (Anailíseoir Sinsearach Eacnamaíoch agus Beartais le Fóram na nInfheisteoirí)

Domantas TRACEVIČIUS

*Viešosios įstaigos „Žiedinė ekonomika" vadovas* (Ceann na hInstitiúide poiblí 'Žiedinė ekonomika')

**LUXEMBOURG**

Marie Josiane WILLEMS

*Représentante, Chambre d'Agriculture du Luxembourg, Centrale Paysanne Luxembourgeoise (CPL*) (Ionadaí, Comhlachas Talmhaíochta Lucsamburg, Centrale Paysanne Luxembourgeoise)

**NEDERLAND**

Marjolijn BULK

*Beleidsadviseur Europese Zaken bij FNV (Federatie Nederlandse Vakbeweging)* (Comhairleoir Beartais um Ghnóthaí Eorpacha ag Cónaidhm Cheardchumainn na hÍsiltíre (FNV))

Alfred PELTZER

*Adviseur bij FNV (Federatie Nederlandse Vakbeweging*) (Comhairleoir ag Cónaidhm Cheardchumainn na hÍsiltíre (FNV))

**POLSKA**

Krzysztof Stanisław BALON

*Wiceprzewodniczący Rady Wykonawczej, Polski Komitet Europejskiej Sieci Przeciwdziałania Ubóstwu EAPN* (Leas-Uachtarán Chomhairle Feidhmeannach Choiste na Polainne um an Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht (EAPN))

Michał Jan BONI

*Doradca, Pracodawcy RP.* (Comhairleoir, Fostóirí na Polainne)

Wincenty Sławomir BRONIARZ

*Prezes Związku Nauczycielstwa Polskiego, Ogólnopolskie Porozumienie Związków Zawodowych* (Uachtarán Aontas Múinteoirí na Polainne, Comhaontas Cheardchumainn na Polainne)

Karolina Lidia DRESZER-SMALEC

*Prezeska Zarządu Ogólnopolskiej Federacji Organizacji Pozarządowych* (Uachtarán Bhord Chónaidhm Náisiúnta Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na Polainne)

Kinga Maria GRAFA

*Zastępczyni Dyrektor Generalnej ds. Europejskich w Konfederacji Lewiatan* (Leas-Ardstiúrthóir um Ghnóthaí Eorpacha i gCónaidhm Lewiatan)

Wojciech Stanisław ILNICKI

*Przewodniczący Komisji Zakładowej NSZZ "Solidarność" przy Kopalni Węgla Brunatnego Turów, Wiceprzewodniczący Rady Krajowego Sekretariatu Węgla i Energetyki NSZZ „Solidarność"* (Cathaoirleach ar Choiste an Ionaid Oibre de chuid an Cheardchumainn Neamhspleách Fhéinrialaithigh 'Solidarność', Mianach guail Turów; Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle na Rúnaíochta Náisiúnta Gual agus Fuinnimh de chuid an Cheardchumainn Neamhspleách Fhéinrialaithigh 'Solidarność')

Rafał Bogusław JANKOWSKI

*Przewodniczący Niezależnego Samorządnego Związku Zawodowego Policjantów, Członek Zarządu Głównego Forum Związków Zawodowych* (Cathaoirleach Cheardchumann Neamhspleách Féinrialaithe na bPóilíní; Comhalta de Phríomhbhord Fhóram na gCeardchumann)

Jan KLIMEK

*Prezes Związku Rzemiosła Polskiego* (Uachtarán Chomhlachas Ceardaíochta na Polainne)

Ewa Maria KULIK-BIELIŃSKA

*Ekspertka, członkini Komitetu Prawnego Forum Darczyńców w Polsce* (Saineolaí, comhalta de Choiste Dlíthiúil Fhóram Deontóirí na Polainne)

Maciej Dawid KUNYSZ

*Wiceprezes Stowarzyszenia „EKOSKOP"*(Leas-Chathaoirleach an Chomhlachais EKOSKOP)

Michał LUDWIKOWSKI

*Doradca Zarządu Wykonawczego Związku Ochotniczych Straży Pożarnych RP* (Comhairleoir do Bhord Feidhmiúcháin Chomhlachas Briogáide Dóiteáin Saorálaí na Polainne)

Marcin Wiesław NOWACKI

*Wiceprezes Związku Przedsiębiorców i Pracodawców* (Leas-Uachtarán Aontas na bhFiontraithe agus na bhFostóirí)

Justyna Kalina OCHĘDZAN

*Prezes Wspólnoty Roboczej Związków Organizacji Społecznych (WRZOS)* (Uachtarán Phobal Oibre Chomhlachais na nEagraíochtaí Sóisialta (WRZOS))

Krzysztof Marek OSTROWSKI

*Dyrektor Biura Interwencji, Business Centre Club* (Stiúrthóir Bhiúró na nIdirghabhála, Business Centre Club)

Krzysztof Jerzy PATER

*Przewodniczący Związku Harcerstwa Polskiego* (Uachtarán Chumann Gasógaíochta agus Treorúcháin na Polainne)

Dariusz Mirosław POTYRAŁA

*Członek Prezydium Ogólnopolskiego Porozumienia Związków Zawodowych* (Comhalta de Phraesaidiam Chomhaontas Cheardchumainn na Polainne)

Magdalena Anna RZECZKOWSKA

*Dyrektor Biura Federacji Przedsiębiorców Polskich w Brukseli* (Stiúrthóir Bhiúró Chónaidhm Fhiontraithe na Polainne sa Bhruiséil)

Joanna Patrycja SAJEWSKA

*Pełnomocnik Zarządu Polskiego Towarzystwa Gospodarczego ds. społeczno-ekonomicznych* (Ionadaí an Bhoird um Ghnóthaí Socheacnamaíocha i gCumann Gnó na Polainne)

Grzegorz Juliusz SIKORA

*Dyrektor do spraw Administracyjnych, Forum Związków Zawodowych* (Stiúrthóir um Chúrsaí Riaracháin, Fóram Ceardchumann)

Mateusz Maciej SZYMAŃSKI

*Kierownik Biura Zagranicznego Komisji Krajowej NSZZ „Solidarność"* (Ceann Oifig Idirnáisiúnta Choimisiún Náisiúnta an Cheardchumainn Neamhspleách Fhéinrialaithigh 'Solidarność')

Grzegorz Adam TREFON

*Członek Porozumienia Związków Zawodowych "Kadra", Forum Związków Zawodowych* (Comhalta den Chomhaontas Ceardchumann 'Kadra', Fóram Ceardchumann)

**PORTUGAL**

Carlos Manuel ALVES TRINDADE
*Confederação Geral dos Trabalhadores Portugueses (CGTP-IN)* (Cónaidhm Ghinearálta Oibrithe na Portaingéile (CGTP-IN))

Francisco João BERNARDINO DA SILVA
*Diretor-geral da Confederação Portuguesa de Economia Social – CPES* (Ard-Stiúrthóir Chónaidhm na Portaingéile um an nGeilleagar Sóisialta (CPES))

Carlos Manuel SIMÕES DA SILVA
*Representante da União Geral de Trabalhadores (UGT)* (Ionadaí Cheardchumann Ginearálta na nOibrithe (UGT))

**SLOVENIJA**

Jože SMOLE
*Svetovalec generalnega sekretarja Združenja delodajalcev Slovenije (ZDS)* (Comhairleoir don Ardrúnaí, Cumann Fostóirí na Slóivéine (ZDS))

**SUOMI**

Eeva-Liisa INKEROINEN
*Elinkeinoelämän keskusliitto EK* (Cónaidhm Thionscail na Fionlainne)